Dé Céadaoin 6. Iúil 2022

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2022)0281

Leasú ar Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le Riail 216 maidir le cruinnithe coiste

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Iúil 2022 ar leasú ar Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa a bhaineann le Riail 216 maidir le cruinnithe coiste (2022/2069(REG))

(2023/C 47/24)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don litir óna hUachtarán an 9 Meitheamh 2022,

— ag féachaint do Rialacha 236 agus 237 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Bunreachtúla (A9-0203/2022),

1. á chinneadh a cuid Rialacha Nós Imeachta a leasú de réir mar a léirítear anseo thíos;

2. á chinneadh go dtiocfaidh na leasuithe seo i bhfeidhm ar an lá tar éis a nglactha:

3. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún mar eolas.

Leasú 1

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 216 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
1. Tiocfaidh coiste le chéile nuair a chomórfaidh a Chathaoirleach é nó ar iarraidh ón Uachtarán.	1. Tiocfaidh coiste le chéile nuair a chomórfaidh a Chathaoirleach é nó ar iarraidh ón Uachtarán.
	Nuair atá cruinniú den sórt sin á chomóradh, féadfaidh an Cathaoirleach a chinneadh, de réir an cháis agus le formheas comhordaitheoirí is ionann le tromlach chomhaltaí an choiste, go bhféadfar freastal go cianda ar an gcruinniú freisin, seachas cruinnithe coiste atá le tionól i seomra iata.
Nuair atá an cruinniú á chomóradh, tíolacfaidh an Cathaoirleach a dhréachtchlár oibre. Déanfaidh an coiste cinneadh maidir leis an gclár oibre ag tús an chruinnithe.	Nuair atá an cruinniú á chomóradh, tíolacfaidh an Cathaoirleach a dhréachtchlár oibre***, ina luafar cibé acu an bhféadfar nó nach bhféadfar freastal go cianda ar an gcruinniú***. Déanfaidh an coiste cinneadh maidir leis an gclár oibre ag tús an chruinnithe.

Dé Céadaoin 6. Iúil 2022

Leasú 2

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 216 – mír 4

An téacs atá ann	*Leasú*
4. Beidh feidhm mutatis mutandis maidir le coistí ag Riail 171(2) ***maidir le leithdháileadh ama labhartha***.	4. Beidh feidhm mutatis mutandis maidir le coistí ag Riail 171(2). ***Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag an dara habairt de Riail 171(2) maidir le Feisirí atá ag freastal go cianda ar an gcruinniú***.

Leasú 3

Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa

Riail 216 – mír 5 a (nua)

An téacs atá ann	*Leasú*
	5a. I gcás rannpháirtíocht chianda, áiritheofar:
	— go mbeidh na Feisirí in ann a sainordú parlaiminteach a fheidhmiú, lena n-áirítear, go háirithe, a gceart labhairt sna coistí gan bhac;
	— go mbeidh na réitigh teicneolaíochta faisnéise a chuirfear ar fáil "neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de";
	— go mbainfear úsáid as modhanna leictreonacha slána a ndéanann seirbhísí na Parlaiminte bainistiú agus maoirseacht orthu go díreach agus go hinmheánach;
	— go gcuirfear an caighdeán fuaime agus físe is gá ar fáil leis an trealamh teicniúil; agus
	— go ndéanfar an idirghabháil ó áit iomchuí.